

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1403 ÓN gCOIMISIÚN**an 25 Lúnasa 2021****lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le craenacha éadroma amach ón gcósta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, táirgí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh.
- (2) Le litir BC/CEN/46-92 – BC/CLC/05-92 an 12 Nollaig 1994, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾. Cuireadh Treoir 2014/34/AE in ionad na Treorach sin gan athrú a dhéanamh ar na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 94/9/CE.
- (3) Go háirithe, iarraidh ar CEN agus Cenelec caighdeán a dhréachtú maidir le dearadh agus tástáil trealamh atá le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach mar a léirítear i gCaibidil I den chlár caighdeánaithe a comhaontaíodh idir CEN agus Cenelec agus an Coimisiún, clár a cuireadh i gceangal le hiarratas BC/CEN/46-92 – BC/CLC/05-92. Ina theannta sin iarraidh ar CEN agus Cenelec na caighdeáin atá ann cheana a athbhreithniú d'fhonn iad a ailíniú le buncheanglais sláinte agus sábháilteachta Threoir 94/9/CE.
- (4) Ar bhonn iarraidh BC/CEN/46-92 – RC/CLC/05-92, dhréachtaigh CEN caighdeán comhchuibhithe EN 13852-3:2021 maidir le craenacha éadroma amach ón gcósta.
- (5) Caighdeán EN 13852-3:2021 a dhréachtaigh CEN, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann an caighdeán sin iarraidh BC/CEN/46-92 – BC/CLC/05-92.
- (6) Na caighdeáin dá dtagraítear i gclásal 2 “Tagairtí normatacha” de chaighdeán EN 13852-3:2021, is gá a shoiléiriú cé na leaganacha díobh atá le cur i bhfeidhm chun glacadh leis go bhfuil comhréireacht ann.
- (7) An colún “Barúlacha/Nótaí” de Thábla ZB.1 i gcaighdeán EN 13852-3:2021, chun críocha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 is colún é sin nach ceart a fhoilsiú mar gheall go bhfuil sé i neamhréir le ceanglais i bpríomhchorp normatach an chaighdeáin, agus mar gheall ar an éiginnteacht dhlíthiúil a eascraíonn as an léirmhíniú atá i dteideal an cholúin sin ar an éifeacht dhlíthiúil a ghabhann le glacadh leis go bhfuil comhréireacht ann.

⁽¹⁾ IO L 316, 14.11.2012, lch. 12

⁽²⁾ Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta ar trealamh agus córais iad le haghaidh a n-úsáide in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309).

⁽³⁾ Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Márta 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta ar trealamh agus córais iad le haghaidh a n-úsáide in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 100, 19.4.1994, lch. 1).

- (8) Comhlíonann caighdeán EN 13852-3:2021 na ceanglais is aidhm dó a chumhdach, ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/34/AE. Is iomchuí dá bhrí sin an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian..
- (9) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 ón gComisiún ⁽⁴⁾, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE. Ba cheart an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 13852-3:2021 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.
- (10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 a leasú dá réir.
- (11) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202, leasaítear í i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 ón gComisiún an 12 Iúil 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le trealamh agus córais chosanta le haghaidh a n-úsáide in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 189, 15.7.2019, lch. 71).

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas le hlarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
“4.	EN 13852-3:2021 Craenacha amach ón gcósta — Cuid 3: Craenacha éadroma amach ón gcósta Fógra 1: Na tagairtí normatacha dá dtagraítear i gclásal 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN IEC 60079-0:2018, is é an léamh a dhéanfar orthu gur tagairtí do EN IEC 60079-0:2018 arna leasú le EN IEC 60079-0:2018/AC:2020-02 atá iontu. Fógra 2: Na tagairtí normatacha dá dtagraítear i gclásal 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 80079-36:2016, seo a leanas an léamh a dhéanfar orthu – EN ISO 80079-36:2016 arna leasú le EN ISO 80079-36:2016/AC:2019 Srian: ní chumhdaíonn an foilseachán seo an chuid seo a leanas den chaighdeán: an colún ‘Barúlacha/Nótaí’ i dTábla ZB.1”